


Nóta Treorach:

Treoir maidir le hAistrithe Sonraí Pearsanta ó Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe i gCás Breatimeacht ‘Gan Mhargadh’

[Deireadh Fómhair] [2019]



Clár an Ábhair

| | |
|--|----------|
| Bearta chun socrú an rialaitheoirí thú a aistríonn sonraí pearsanta chuig an RA (Tuaisceart Éireann san áireamh) | 2 |
| Bearta le cur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a aistriú go dleathach ó Éireann go dtí an RA i gcás Breatimeacht ‘Gan Mhargadh’ | 2 |
| An RA mar ‘Tríú Tír’ | 3 |
| Clásail Chonarhacha Chaighdeánacha (SCCanna)..... | 3 |
| Forbhreathnú ar ábhar na gclásal chonarhacha chaighdeánacha..... | 4 |
| Aguisín 1..... | 6 |
| Aguisín 2..... | 7 |
| Conclúid..... | 7 |

Bearta chun socrú an rialaitheoir thú a aistríonn sonraí pearsanta chuig an RA (Tuaisceart Éireann san áireamh)

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag an mBreatimeacht, go háirithe i gcás Breatimeacht 'Gan Mhargadh', ar na hoibleagáidí atá ar eintitis Éireannacha a aistríonn sonraí pearsanta chuig an RA (Tuaisceart Éireann san áireamh).

Féach thíos liosta neamh-uileghabhálach de na **cásanna ina bhféadfadh go mbeifeá ag aistriú sonraí chuig cuideachta atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe**. Má tá seans ann go mbainfeadh iad seo leo, ba cheart go gcuirfidh rialaitheoirí iad seo san áireamh:

- An bhfuil d'fheidhm Acmhainní Daonna, Teicneolaíochta Faisnéise nó Párolla á **seachfhoinsiú** agat chuig eagraíocht atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe?
- An bhfuil tú ag baint úsáid as cuideachta **margaíochta** atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe chun cumarsáidí margaíochta a sheoladh chuig do bhunachar sonraí custaiméirí?
- An bhfuil do **sholáthraí sláinte ceirde** lonnaithe sa RA?
- An bhfuil do **scéim pinsean** lonnaithe sa RA?
- An mbíonn **seirbhísí aistriúcháin/tras-scríofa** de chuid cuideachta atá lonnaithe sa RA á n-úsáid agat, áit a bhféadfadh go mbeifeá ag seoladh sonraí pearsanta de chuid fostaithe, custaiméirí nó soláthraithe chuici?
- An mbíonn cuideachta atá lonnaithe sa RA á húsáid agat chun **anailís a dhéanamh ar shonraí faoi chuartheoirí** ar do shuíomh gréasáin?
- An mbíonn sonraí á stóráil agat ar **fhreastalaí nó sa néal** sa RA?

Bearta le cur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a aistriú go dleathach ó Éireann go dtí an RA i gcás Breatimeacht 'Gan Mhargadh'

Le teacht an GDPR go háirithe, tá caighdeán an-ard de chosaint sonraí ag tíortha san Aontas Eorpach. Ní cheadaítear do rialaitheoirí sonraí atá lonnaithe san AE sonraí pearsanta a aistriú chuig áiteanna lasmuigh den Aontas/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach amháin i gcás **go gcoinnítear na caighdeáin sin ar bun**.

Thíos tá roinnt ceisteanna le cur san áireamh faoi conas a athróidh Breatimeacht 'Gan Mhargadh' stádas an RA mar cheann scribe d'aistrithe sonraí pearsanta,

agus cén beart a bheidh riachtanach chun cosaint shásúil a chinntiú d'aon sonraí pearsanta a aistrítear.

An Ríocht Aontaithe mar 'Tríú Tír'

I gcás Breatimeacht 'Gan Mhargadh', ní bheidh an RA ina ball den AE a thuilleadh; ina ionad sin, is 'Tríú Tír' a bheidh inti. Fágann sé sin go gcaithfear le haistrithe sonraí pearsanta ó Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe ar an mbealach céanna a chaitear le haistrithe sonraí pearsanta chuig tíortha amhail an Astráil, an India nó an Bhrasaíl.

Is é an toradh a bheidh air sin sa chleachtas gurb amhlaidh, má tá sí chun rialacha an GDPR a chomhlíonadh, go mbeidh ar chuideachta Éireannach a bheartaíonn sonraí pearsanta a aistriú chuig an Ríocht Aontaithe **coimircí sonracha** a chur i bhfeidhm chun na sonraí sin a chosaint le linn a n-aistrithe agus á bpróiseála ina dhiaidh sin.

Is féidir an méid sin a dhéanamh ar roinnt bealaí difriúla, ag brath ar na himthosca ina bhfuil na sonraí le haistriú.

Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha (SCCanna)

Ceann de na bealaí ina bhféadfaí cosaint a chinntiú do na sonraí pearsanta a aistrítear chuig an RA is ea 'Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha' nó 'SCCanna' a úsáid, agus is dóigh go mbeidh siad sin ábhartha d'fhormhór na ngnólachtaí Éireannacha a aistríonn sonraí pearsanta chuig an RA.

Cuimsítear sna SCCanna **tacair chaighdeánacha nó theimpléadacha de théarmaí** agus coinníollacha conarthacha a gcuireann an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn agus an faighteoir atá lonnaithe sa RA (a ghníomhaíonn mar Phróiseálaí Sonraí ina lán cásanna) a n-ainm leo.

Is é an bunsmaoineamh atá taobh thiar díobh go dtabharfaidh gach ceann de na páirtithe sa chonradh **ceangaltais atá ceangailteach le conradh chun sonraí pearsanta a chosaint** le linn a n-aistrithe ón AE/ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig an Tríú Tír. Rud tábhachtach, tugtar cearta sonracha áirithe faoi na SCCanna don **ábhar sonraí** freisin, cé nach bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí sa chonradh lena mbaineann.

Féadfar na SCCanna a ghlacadh trí **chonradh saorsheasaimh nó conradh nua** a chur i bhfeidhm idir an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn agus an faighteoir atá lonnaithe sa RA. Mar aon leis na SCCanna a leagan amach, d'fhéadfadh **go mbeadh clásail tráchtála eile** sa chonradh freisin, *ar choinníoll nach mbeidh*

tionchar ag na clásail eile sin ar fheidmiú na SCCanna agus nach laghdófar cearta an ábhair sonraí dá mbarr.

Mar an gcéanna, níor cheart an leibhéal cosanta a cheanglaítear ar an eintiteas atá lonnaithe sa RA a thabhairt do na sonraí arna n-aistriú a laghdú de bharr aon chlásal tráchtála breise. Sampla den chineál clásail tráchtála atá ceadaithe is ea foráil faoina ndéanann an t-eintiteas atá lonnaithe sa RA an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn a shlánú in aghaidh sárú ag an eintiteas atá lonnaithe sa RA ar a oibleagáidí faoin gconradh.

Mar mhalairt air sin, i gcás **go bhfuil conradh i bhfeidhm cheana féin** idir an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn agus an próiseálaí atá lonnaithe sa RA, mar a cheanglaítear le hAirteagal 28(3) den GDPR, féadfaidh siad **a chinneadh na SCCanna a chur ar áireamh** sa chonradh sin atá ann cheana. Arís, ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin ar choinníoll nach mbeidh tionchar ag téarmaí an chonartha ar na SCCanna agus nach laghdófar cearta an ábhair sonraí dá mbarr agus ar choinníoll nach laghdófar dá mbarr ach oiread an leibhéal cosanta a cheanglaítear ar an bpróiseálaí atá lonnaithe sa RA a thabhairt do na sonraí arna n-aistriú. Ag brath ar fhoirm agus téarmaí ar leith an chonartha atá ann eatarthu cheana féin, d'fhéadfaí an toradh sin a bhaint amach trí bhíthin athrú i scríbhinn.

Tá **tacar samplach de Chlásail Chonartha Chaighdeánacha** (An Rialaitheoir chuig an bPróiseálaí, 2010) le fáil ar láithreán gréasáin an DPC. Féadfar na clásail sin (ar fhorbair an Coimisiún Eorpach iad) a úsáid i gcás gur rialaitheoir sonraí Éireannach thú a aistríonn sonraí pearsanta chuig soláthraí seirbhíse atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, ar ina leith a ghníomhaíonn do sholáthraí seirbhíse mar phróiseálaí sonraí. Rinne an Coimisiún Eorpach SCCanna le haghaidh aistrithe ó rialaitheoir lonnaithe san AE chuig rialaitheoir nach bhfuil lonnaithe san AE nó san LEE – **tá an trí tacair de SCCanna le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpach.**

Forbhreathnú ar ábhar na gclásal chonartha chaighdeánacha

Is é seo a leanas forbhreathnú an-ghairid ar ábhar na SCCanna:

- Ar an **gcéad leathanach**, ceanglaítear ar na páirtithe sa chonradh SCC faisnéis bhunúsach áirithe a chur isteach, agus ainm agus sonraí teagmhála an “onnmhaireora sonraí” (an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn) agus an “allmhaireora sonraí” (an soláthraí seirbhíse atá lonnaithe sa RA) á sainaithint.

- Sainmhínítear téarmaí tábhachtacha áirithe i g**Clásal 1** ansin. Feicfidh tú go dtagraítear sa chlásal sin do Threoir 95/46/CE, seachas don GDPR. Tá sé sin ag teacht leis an bhfíric gur forbraíodh an teimpléad ar leith seo roimh ghlacadh an GDPR. Foráiltear leis an GDPR go bhfuil an teimpléad bailí go fóill agus go mbeidh sé bailí go dtí go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach ceann eile ina áit.
- Ní mór mionsonraí an aistrithe a chur isteach in **Aguisín 1** leis an gConradh (féach tuilleadh faisnéise thíos). Tá **Clásal 2** tábhachtach toisc gur leis an gClásal sin a chuirtear an fhaisnéis atá leagtha amach in **Aguisín 1** ar áireamh sa chonradh é féin.
- Bunaítear le **Clásal 3** cearta áirithe don ábhar sonraí, cé nach bhfuil sé/sí ina p(h)áirtí sa chonradh.
- Leagtar oibleagáidí an onnmhaireora sonraí amach i g**Clásal 4**, i.e. na ceangaltais atá le tabhairt ag an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn. Ba cheart na hoibleagáidí sin a scrúdú go cúramach.
- Leagtar oibleagáidí an allmhaireora sonraí amach i g**Clásal 5** ansin, i.e. na ceangaltais atá á dtabhairt ag an soláthraí seirbhíse atá lonnaithe sa RA.
- Déileáiltear i g**Clásal 6** le saincheisteanna dliteanais idir an t-onnmhaireoir sonraí agus an t-allmhaireoir sonraí.
- I g**Clásal 7**, admhaíonn an t-allmhaireoir sonraí gurb amhlaidh, i gcás go bhfeidhmíonn an t-ábhar sonraí a c(h)earta faoi Chlásal 3 i gcás díospóide, go mbeidh sé faoin ábhar sonraí a chinneadh cé acu a dhéanfaí idirghabháil sa díospóid nó a thionscnófaí caingean dlí i gcúirteanna an bhallstáit a bhfuil an t-onnmhaireoir sonraí bunaithe ann (i.e. Éire sa chás seo).
- I g**Clásal 8**, gabhann an t-onnmhaireoir sonraí agus an t-allmhaireoir sonraí orthu féin obair i gcomhar leis an údarás maoirseachta lena mbaineann (an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn sa chás seo).
- Ag **Clásal 9**, ba cheart do na páirtithe “Éire” a chur isteach mar bhallstát a mbeidh feidhm ag a dhlíthe maidir leis an gconradh.
- Luaitear i g**Clásal 10** go bhféadfaidh na páirtithe clásail bhreise a chur leis, ar choinníoll nach é an toradh a bheidh ar na clásail sin go ndéanfar athrú nó modhnú ar na SCCanna iontu féin.
- Déileáiltear i g**Clásal 11** le saincheisteanna áirithe a bhaineann le post na bhfophróiseálaithe a bhfostaíonn an t-allmhaireoir sonraí iad.
- Leagtar amach i g**Clásal 12** na hoibleagáidí atá ar na páirtithe i gcás go dtagann na seirbhísí próiseála atá á soláthar ag an allmhaireoir sonraí chun deiridh.

Tá dhá aguisín ag an doiciméad i ndiaidh an bhloic sínithe.

Aguisín 1

In Aguisín 1, ní mór do na páirtithe sa chonradh mionsonraí an aistrithe é féin a leagan amach. Baineann ríthábhacht leis an rannán seo den doiciméad. Tá sé eagraithe ina 6 cheannteideal dhifriúla:

➤ *Ceannteideal #1 – “**Onnmhaireoir Sonraí**”*

Ba cheart cur síos ar chineál gnólachta nó eagraíochta an onnmhaireora sonraí a leagan amach anseo. Ní mór cur síos a thabhairt ar ghníomhaíochtaí ghnólacht an onnmhaireora freisin, a mhéid a bhaineann siad leis an aistriú atá i gceist.

Mar sin de, is féidir “Monaróir comhphárteanna feithicle” a thabhairt mar chur síos ar ghnólacht an onnmhaireora, mar shampla. Ní mór cur síos a thabhairt freisin ar ghníomhaíochtaí an ghnólachta lena mbaineann an t-aistriú. Más rud é, mar shampla, go mbaineann an gnólacht úsáid as soláthraí árachais sláinte ceirde atá bunaithe sa RA dá chuid fostaithe, is féidir “scéimeanna árachais a riar, lena n-áirítear gnó árachais sláinte a bheith á riar ag gnólacht árachais” a thabhairt mar chur síos ar a ghníomhaíochtaí, mar a bhaineann siad leis an aistriú.

➤ *Ceannteideal #2 – “**Allmhaireoir Sonraí**”*

Ní mór cur síos a thabhairt anseo ar chineál gnólachta nó eagraíochta an allmhaireora sonraí, mar aon le cur síos ar ghníomhaíochtaí ghnólacht an onnmhaireora, mar a bhaineann siad leis an aistriú.

Má chuirimid leis an sampla atá leagtha amach faoi Cheannteideal #1, is féidir “Soláthraí Seirbhísí Árachais” a thabhairt mar chur síos ar ghnólacht an allmhaireora, agus is féidir “árachas a riar, lena n-áirítear gnó árachais saoil, gnó árachais sláinte agus gnó árachais eile a riar” a thabhairt mar chur síos ar a ghníomhaíochtaí ábhartha.

➤ *Ceannteideal #3 – “**Ábhair Sonraí**”*

Ní mór do na páirtithe a chur in iúl anseo cé na catagóirí ábhar sonraí a mbaineann na sonraí aistrithe leo. Má chloímid leis an sampla thuas, is féidir cur síos cosúil leis seo a leanas a thabhairt: “Fostaithe díreacha, idir iarfhostaithe agus fhostaithe reatha.”

➤ *Ceannteideal #4 – “**Catagóirí Sonraí**”*

Ní mór do na páirtithe cur síos a thabhairt anseo ar na catagóirí sonraí atá le haistriú. Sa sampla atá in úsáid againn, is féidir cur síos mar seo a leanas a thabhairt: “sonraí pearsanta, airgeadais agus fostaíochta a theastaíonn chun scéim árachais sláinte ceirde an onnmhaireora sonraí a riar agus chun go mbeidh na fostaithe de chuid an onnmhaireora sonraí in ann páirt a ghlacadh sa scéim sin.”

➤ *Ceannteideal #5 – “Catagóirí Speisialta Sonraí”*

Ní mór aon chatagóirí speisialta sonraí (i.e. na nithe ar a dtugtaí “sonraí pearsanta íogaire” roimhe seo) a shainathint anseo. Inár sampla, d’fhéadfadh go n-áireofaí leo sin na sonraí sláinte a d’fhéadfadh nach mór a phróiseáil maidir le rannpháirtíocht aon fhostaí ar leith i scéim árachais sláinte ceirde an onnmhaireora sonraí.

➤ *Ceannteideal #6 – “Oibríochtaí Próiseála”*

Ní mór do na páirtithe mionsonraí a thabhairt anseo faoi na nithe a bheidh siad ag déanamh leis na sonraí atá le haistriú, i.e. na hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí próiseála a mbeidh na sonraí faoina réir. D’fhéadfadh go n-áireofaí leo cur síos mar seo a leanas: “sonraí a fháil agus iad a rochtain, a aisghabháil agus a thaifeadh.”

Aguisín 2

In **Aguisín 2**, ní mór do na páirtithe cur síos a thabhairt ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla arna gcur chun feidhme ag an allmhaireoir chun sonraí pearsanta na n-ábhar sonraí a chosaint i gcomhréir le Clásail 4 agus 5. Beidh an cur síos atá le cur isteach anseo ag brath i gcónaí ar (mar shampla) cé na sonraí atá á n-aistriú agus *conas* atá siad á bpróiseáil. D’fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis na nithe a bhféadfaí cur síos a thabhairt orthu anseo:

- Gnéithe slándála de na córais TF atá in úsáid ag an allmhaireoir, e.g. an bhfuil criptiú á úsáid;
- Mionsonraí faoi na rialuithe atá i bhfeidhm chun rochtain ar na sonraí a theorannú (agus a rialáil);
- An úsáid a bhaintear as sásraí logála chun a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh a rinneadh na sonraí a rochtain, a úsáid agus/nó a nochtadh agus chun a fhíorú cé a rinne amhlaidh.

Conclúid

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach leor na SCCanna (agus, go deimhin, aon cheann de na sásraí eile a úsáidtear chun an t-aistriú dleathach sonraí amach as an AE/as an LEE a éascú) a chur i bhfeidhm amháin. Is gá cúram a thógáil chun a áirithiú, ón taobh oibríochtúil de, go ndéanfar aistrithe a sheoladh agus a bhainistiú ar bhealach a áirithíonn gurb amhlaidh i gcónaí go gcosnófar sonraí pearsanta de réir an leibhéil a shamhlaítear sa GDPR agus go gcomhlíonfar *sa chleachtas* na hoibleagáidí a nglacann na páirtithe leo faoi théarmaí a gconartha SCC. Amhail i gcás na ngnéithe uile eile de na socrúithe próiseála sonraí atá i

bhfeidhm ag gnólacht, is gá pleanáil a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an GDPR i gcoitinne.

Séanadh: Tabhair faoi deara nach soláthraítear an tábhar seo ach chun críocha léiritheacha agus mar threoir amháin. ní comhairle dlí é. níltear le caitheamh leis mar ráiteas críochnúil iomlán ar an dlí ach oiread.